Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Lúnasa 2025**
**(OR. en)**

**12267/25**

**STATIS 59**
**SOC 583**
**ENV 775**
**ENER 413**
**EMPL 393**
**EDUC 342**
**ECOFIN 1111**
**DELACT 118**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Lúnasa 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 4755 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 18.7.2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis an bhfearann 'úsáid staidreamh na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide' le haghaidh na bliana tagartha 2026 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 4755 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 4755 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.7.2025
C(2025) 4755 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18.7.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis an bhfearann 'úsáid staidreamh na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide' le haghaidh na bliana tagartha 2026**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí[1], tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sonraítear líon agus teideal na n-athróg maidir leis na tacair sonraí éagsúla. Agus an gníomh tarmligthe á ghlacadh, níl an líon athróg le bheith níos mó, faoi bhreis agus 5 %, ná an líon athróg a bhí á éileamh cheana féin ag an gCoimisiún (Eurostat) ar bhonn sainordaitheach, an 3 Samhain 2019, le haghaidh gach fearainn.

Leis an Rialachán Tarmligthe seo cumhdaítear líon agus teidil na n-athróg maidir leis an tacar sonraí san fhearann 'úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide' le haghaidh na bliana tagartha 2026.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí mar chuid d'ullmhú an ghnímh tharmligthe seo. Níor ardaíodh aon ábhar imní sonrach le linn na gcomhairliúchán.

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta ag an gcruinniú a bhí ag an ngrúpa saineolaithe 'Staidreamh na Sochaí Faisnéise' a tionóladh idir an 5 agus an 6 Feabhra 2025.

Chuathas i gcomhairle freisin leis an nGrúpa Saineolaithe, 'Institiúidí Staidrimh Náisiúnta an Chórais Staidrimh Eorpaigh'.

Cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go cuí.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don Rialachán Tarmligthe seo líon agus teidil na n-athróg a ghlacadh maidir leis an tacar sonraí san fhearann 'úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide' le haghaidh na bliana tagartha 2026, de réir Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1700.

Tá an líon athróg a bailíodh i gcomhréir leis an gceanglas in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2019/1700, lena leagtar síos an líon uasta athróg sainordaitheach ón mbliain tagartha 2021 ar aghaidh. Is iad na hathróga a bailíodh agus iad sin amháin a dhéanann difear don ualach. Déantar athróga a athmheasúnú agus a rothlú idir blianta tagartha chun riachtanais bheartais a chumhdach agus, an tráth céanna, an t-ualach tuairiscithe a theorannú.

Níl aon impleacht ag an ngníomh tarmligthe maidir le buiséad an Aontais.

Baineann an gníomh tarmligthe le hábhar a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus, dá bhrí sin, ba cheart LEE a chuimsiú lena chur i bhfeidhm.

---

[1] IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1700/oj.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18.7.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis an bhfearann 'úsáid staidreamh na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide' le haghaidh na bliana tagartha 2026**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 6 (1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Chun na riachtanais maidir le staidreamh a chumhdach i dtaca leis na topaicí mionsonraithe ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1700, is gá líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis an tacar sonraí san fhearann 'úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide' le haghaidh na bliana tagartha 2026,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a bheidh líon agus teidil na n-athróg san fhearann 'úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide' le haghaidh na bliana tagartha 2026.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[1] IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1700/oj.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18.7.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*